Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**11129/23**

**ECOFIN 656**
**UEM 190**
**SOC 482**
**EMPL 333**
**COMPET 677**
**ENV 756**
**EDUC 269**
**RECH 301**
**ENER 392**
**JAI 902**
**GENDER 133**
**ANTIDISCRIM 127**
**JEUN 171**
**SAN 408**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9822/1/23 REV 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 601 final |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le Clár Náisiúnta na Beilge um Athchóiriú 2023 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na Beilge 2023 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an dréachtmholadh thuasluaite ón gComhairle, mar a pléadh sa Chomhairle agus sa Chomhairle Eorpach é, bunaithe ar Mholadh COM (2023) 601 final ón gCoimisiún.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le Clár Náisiúnta na Beilge um Athchóiriú 2023 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na Beilge 2023**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 121(2) agus 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú[1], a neartú , agus go háirithe Airteagal 5(2) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

---

1 IO L 209, 2.8.1997, lch. 1.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ('an tSaoráid'), i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Leis an an tSaoráid, soláthraítear tacaíocht airgeadais do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, agus í mar spreagadh fioscach arna mhaoiniú ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh, leis an tSaoráid, rannchuidítear le téarnamh eacnamaíoch cuimsitheach agus le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí atá inbhuanaithe agus a spreagann fás, go háirithe athchóirithe agus infheistíochtaí chun na haistrithe glasa agus digiteacha a chur chun cinn agus chun cur le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus faoin gcruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Rinneadh an ranníocaíocht airgeadais uasta in aghaidh an Bhallstáit faoin tSaoráid a thabhairt cothrom le dáta an 30 Meitheamh 2022, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241.

[2] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

(2) An 22 Samhain 2022, ghlac an Coimisiún an Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2023, rud a chuir tús le Seimeastar Eorpach 2023 um chomhordú an bheartais eacnamaíoch. An 23 Márta 2023, d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach tosaíochtaí an tSuirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2023, tosaíochtaí atá dírithe ar na ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch. An 22 Samhain 2022, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus gComhairle[3], ghlac an Coimisiún freisin Tuarascáil 2023 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil nár sainaithníodh an Bheilg inti mar cheann de na Ballstáit a bhféadfadh míchothromaíochtaí a bheith ag baint di nó a d'fhéadfadh a bheith i mbaol míchothromaíochtaí. Dá bhrí sin, ní bheadh gá le grinn-athbhreithniú. An dáta céanna, ghlac an Coimisiún tuairim freisin maidir le dréachtphlean buiséadach na Beilge don bhliain 2023. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach 2023 ar Fhostaíocht, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[4] ('Moladh 2023 maidir leis an limistéar euro') an 16 Bealtaine 2023 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 13 Márta 2023.

(3) Cé go bhfuil athléimneacht shuntasach á léiriú ag geilleagair an Aontais, tá drochthionchar ag an gcomhthéacs geopholaitiúil orthu fós. Agus an tAontas ag seasamh go daingean leis an Úcráin, tá clár oibre beartais eacnamaíoch agus shóisialta an Aontais dírithe sa ghearrthéarma ar dhrochthionchar na suaití fuinnimh a laghdú, i gcás teaghlaigh leochaileacha agus gnólachtaí leochaileacha araon, agus sa mheántéarma ar iarrachtaí a choinneáil ar bun chun na haistrithe glasa agus digiteacha a bhaint amach, ar thacaíocht a thabhairt d'fhás inbhuanaithe cuimsitheach, ar an gcobhsaíocht mhaicreacnamaíoch a chosaint agus ar an athléimneacht a mhéadú. Tá sé dírithe go láidir freisin ar iomaíochas agus táirgiúlacht an Aontais a mhéadú.

---

3 Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú (IO L 306, 23.11.2011, lch. 25).

4 Moladh ón gComhairle an 16 Bealtaine 2023 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C 180, 23.5.2023, lch. 1).

(4) An 1 Feabhra 2023, d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht dar teideal 'Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Ghlan-Nialasach' ('Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais'). Is é is aidhm do Phlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais borradh a chur faoi iomaíochas thionscal glan-nialasachta an Aontais agus tacú leis an aistriú tapa chuig an aeráidneodracht. Is comhlánú é ar na hiarrachtaí leanúnacha faoin gComhaontú Glas don Eoraip agus faoi REPowerEU. Is é is aidhm dó freisin timpeallacht níos tacúla a sholáthar chun acmhainneacht mhonaraíochta an Aontais a mhéadú i dtaca leis na teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus leis na táirgí glan-nialasachta a bhfuil gá leo chun spriocanna uaillmhianacha aeráide an Aontais a bhaint amach, agus chun a áirithiú go mbeidh rochtain ar amhábhair chriticiúla ábhartha, lena n-áirítear trí fhoinsiú a éagsúlú, trí shaothrú cuí a dhéanamh ar acmhainní geolaíocha sna Ballstáit agus trí athchúrsáil na n-amhábhar a uasmhéadú. Is ar cheithre cholún atá Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais bunaithe: timpeallacht rialála intuartha agus shimplithe, rochtain níos tapúla ar mhaoiniú, scileanna a fheabhsú, agus trádáil oscailte do shlabhraí soláthair athléimneacha. An 16 Márta 2023, d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht eile dar teideal 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030', teachtaireacht a leagadh amach de réir naoi spreagadh a threisíonn a chéile ar mhaithe le hoibriú i dtreo creat rialála lena bhfeabhsófaí an fás. Socraítear leis tosaíochtaí beartais arb é is aidhm dóibh feabhsuithe struchtúracha, infheistíochtaí dea-dhírithe agus bearta rialála a áirithiú le haghaidh iomaíochas fadtéarmach an Aontais agus a Bhallstát. Cuidíonn na moltaí thíos ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na tosaíochtaí sin.

(5) In 2023, tá an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch fós ag forbairt i gcomhréir le cur chun feidhme na Saoráide. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go dtugann na pleananna aghaidh ar iomlán na moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar fhothacar mór díobh. Tá moltaí tírshonracha 2019, 2020 agus 2022 fós chomh hábhartha céanna maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta arna n-athbhreithniú, arna dtabhairt cothrom le dáta nó arna leasú i gcomhréir le hAirteagail 14, 18 agus 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(6) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] ('Rialachán REPowerEU'), a ghlacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur go tapa le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Cuirfidh sé sin le slándáil fuinnimh agus le héagsúlacht sholáthar fuinnimh an Aontais, agus ag an am céanna, méadóidh sé glacadh na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh, acmhainneachtaí stórála fuinnimh agus an éifeachtúlacht fuinnimh. Le Rialachán REPowerEU, cuirtear ar chumas na mBallstát caibidil nua REPowerEU a chur lena bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí ríthábhachtacha a chuideoidh le cuspóirí REPowerEU a bhaint amach. Cuideoidh na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin freisin ó thaobh borradh a chur faoi iomaíochas thionscal glan-nialasachta an Aontais mar a leagtar amach i bPlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais, agus tabharfaidh siad aghaidh ar na moltaí tírshonracha a bhaineann le fuinneamh arna n-eisiúint chuig na Ballstáit in 2022 agus, i gcás inarb infheidhme, in 2023. Le Rialachán REPowerEU, tugtar isteach catagóir nua de thacaíocht airgeadais neamh-in-aisíoctha, atá á cur ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí nua a bhaineann le fuinneamh a mhaoiniú faoina bpleananna téarnaimh agus athléimneachta.

[5] Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755, agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1).

(7) An 8 Márta 2023, ghlac an Coimisiún teachtaireacht lena gcuirtear treoraíocht ar fáil maidir leis an mbeartas fioscach 2024 ('teachtaireacht an 8 Márta 2023'). Is é is aidhm di tacú le hullmhú chláir na mBallstáit um chobhsaíocht agus um chóineasú, agus an comhordú beartais a neartú ar an gcaoi sin. Thug an Coimisiún chun cuimhne go ndéanfar clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a dhíghníomhachtú i ndeireadh 2023. D'éiligh an Coimisiún go mbeadh beartais fhioscacha ann in 2023-2024 a d'áiritheodh an inbhuanaitheacht fiachais sa mheántéarma agus a mhéadódh an acmhainneacht fáis ar bhealach inbhuanaithe agus iarradh ar na Ballstáit a leagan amach ina gclár um chobhsaíocht agus um chóineasú 2023 conas a áiritheoidh a bpleananna fioscacha go n-urramófar luach tagartha an Chonartha, is é sin 3 % den olltáirgeacht intíre (OTI), agus go n-áiritheofar laghdú inchreidte leanúnach an fhiachais, sin nó conas a choinneofar an fiachas ar leibhéal stuama sa mheántéarma. D'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit freisin deireadh a chur de réir a chéile le beartais fhioscacha náisiúnta arna dtabhairt isteach chun teaghlaigh agus gnólachtaí a chosaint ar shuaitheadh na bpraghsanna fuinnimh, agus deireadh a chur ar dtús leis na beartais is lú a spriocdhíríodh. Thug sé le fios, dá mba rud é gur ghá síneadh a chur le bearta tacaíochta mar gheall ar bhrú a bheith ann an athuair ó thaobh phraghas an fhuinnimh de, gur cheart do na Ballstáit na bearta sin a spriocdhíriú ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha ar bhealach níos fearr. Luaigh an Coimisiún go ndéanfaí na moltaí fioscacha a chainníochtú agus a dhifreáil. Thairis sin, mar a mholtar sa teachtaireacht uaidh an 9 Samhain 2022 maidir le treoirlínte le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh, go ndéanfaí na moltaí fioscacha sin a fhoirmliú ar bhonn an ghlanchaiteachais phríomhúil. Mhol sé do na Ballstáit uile leanúint ar aghaidh ag cosaint na hinfheistíochta a mhaoinítear go náisiúnta agus a áirithiú go n-úsáidfear an tSaoráid agus cistí eile an Aontais go héifeachtach, go háirithe i bhfianaise na n-aistrithe glasa agus digiteacha agus na gcuspóirí athléimneachta. Thug an Coimisiún le fios go molfadh sé don Chomhairle tús a chur, in earrach na bliana 2024, leis na nósanna imeachta um easnamh iomarcach atá bunaithe ar easnaimh, ar bhonn na sonraí olltoraidh maidir le 2023, i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla atá ann faoi láthair.

(8) An 26 Aibreán 2023, chuir an Coimisiún tograí reachtacha i láthair maidir le hathchóiriú cuimsitheach ar rialacha rialachais eacnamaíoch an Aontais a chur chun feidhme. Is é is príomhchuspóir do na tograí sin inbhuanaitheacht an fhiachais phoiblí a neartú agus fás inbhuanaithe agus cuimsitheach a chur chun cinn sna Ballstáit uile trí athchóirithe agus infheistíochtaí. Sna tograí uaidh, díríonn an Coimisiún ar an úinéireacht náisiúnta a fheabhsú, ar an gcreat a shimpliú agus gluaiseacht i dtreo fócas níos meántéarmaí, in éineacht le forfheidhmiú éifeachtach agus níos comhleanúnaí. De réir na gConclúidí ón gComhairle an 14 Márta 2023 maidir le treoirlínte le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais, is é an cuspóir atá ann an obair reachtach a thabhairt i gcrích in 2023.

(9) An 30 Aibreán 2021, chuir an Bheilg a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin. An 13 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Beilge[6]. Tá scaoileadh na dtráthchodanna ag brath ar chinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2021/241, cinneadh á rá go bhfuil an Bheilg tar éis na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a chomhlíonadh go sásúil. Tuigtear gurb é atá i gceist le comhlíonadh sásúil, nach ndeachthas siar ar ghnóthú na ngarspriocanna agus na spriocanna a gnóthaíodh roimhe sin.

---

[6] ST 10161/21 INIT; ST 10161/21 ADD 1.

(10) An 30 Aibreán 2023, thíolaic an Bheilg a Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2023 agus a Clár Cobhsaíochta 2023, i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97. Chun na naisc atá eatarthu a chur san áireamh, rinneadh measúnú ar an dá chlár le chéile. I gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241, léiríonn an Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2023 freisin tuairisciú débhliantúil na Beilge ar an dul chun cinn atá déanta maidir lena plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme.

(11) An 24 Bealtaine 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2023 don Bheilg. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar dhul chun cinn na Beilge ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha a ghlac an Chomhairle idir 2019 agus 2022, agus measadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Beilge. Ar bhonn na hanailíse sin, léiríodh sa tuarascáil tíre na bearnaí atá ann maidir leis na dúshláin nár tugadh aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, sin nó nár tugadh aghaidh orthu ach go páirteach, chomh maith le dúshláin nua agus dúshláin atá ag teacht chun cinn. Leis an tuarascáil, rinneadh measúnú freisin ar dhul chun cinn na Beilge ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, sin agus ar an dul chun cinn i dtreo Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(12) De réir sonraí arna mbailíochtú ag Eurostat, tháinig laghdú ar easnamh rialtais ghinearálta na Beilge ó 5,5 % de OTI in 2021 go 3,9 % in 2022, agus thit an t-ollfhiachas rialtais ó 109,1 % de OTI ag deireadh 2021 go 105,1 % ag deireadh 2022. An 24 Bealtaine 2023, d'eisigh an Coimisiún tuarascáil faoi Airteagal 126(3) den Chonradh. Rinneadh plé sa tuarascáil sin ar staid bhuiséadach na Beilge, ós rud é gur sháraigh a heasnamh rialtais ghinearálta a hollfhiachas rialtais in 2022 3 % luach tagartha an Chonartha maidir le OTI. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil nár comhlíonadh an critéar fiachais. I gcomhréir lena theachtaireacht an 8 Márta 2023, níor mhol an Coimisiún nósanna imeachta nua um easnamh iomarcach a thionscnamh in earrach na bliana 2023. Ina dhiaidh sin, shonraigh an Coimisiún go molfadh sé don Chomhairle tús a chur, in earrach na bliana 2024, leis na nósanna imeachta um easnamh iomarcach atá bunaithe ar easnaimh, ar bhonn na sonraí olltoraidh maidir le 2023. Ba cheart don Bheilg é sin a chur san áireamh i bhforghníomhú bhuiséad 2023 agus nuair atá a dréachtphlean buiséadach do 2024 á ullmhú aici.

(13) Na bearta beartais fhioscaigh a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, is bearta iad a d'imir tionchar ar chomhardú ginearálta an rialtais. In 2022, i measc na mbeart beartais fhioscaigh a d'fhág gur lú ioncam a bhí ann, bhí laghdú ar dhleachtanna máil ar bhreosla peitril agus laghduithe CBL ar chonarthaí leictreachais agus gáis tí, agus maidir le bearta beartais fhioscaigh caiteachais a d’fhág gur mó ioncam a bhí ann, bhí cumhdach leathnaithe na taraife sóisialta ar leictreachas agus ar ghás nádúrtha do theaghlaigh leochaileacha, aistrithe ioncaim trasna an bhoird chuig teaghlaigh go díreach trína mbillí fuinnimh gáis agus leictreachais (‘an pacáiste fuinnimh’), aistrithe cnapshuime atá curtha ar leataobh (do na teaghlaigh sin a úsáideann ola téimh, própán nó breosla millíní), agus tacaíocht dhíreach chun cabhrú le cuideachtaí a bhfuil costais fuinnimh ag dul i méid dóibh. Rinneadh costas na mbeart sin a fhritháireamh go páirteach le cánacha nua ar bhrabúis amhantair na dtáirgeoirí agus na soláthróirí fuinnimh, mar atá in earnáil an leictreachais agus in earnáil na hola. Measann an Coimisiún gurb é an glanchostas buiséadach a bhain leis na bearta sin in 2022 0,9 % de OTI. Ina theannta sin, an costas buiséadach a bhain le cosaint shealadach a thairiscint do dhaoine easáitithe as an Úcráin, costas a meastar a bheith ina 0,1 % de OTI in 2022, sin rud eile a d’imir tionchar ar chomhardú ginearálta an rialtais. An tráth céanna, an costas a mheastar a bhaineann le bearta éigeandála sealadacha a bhain le géarchéim COVID-19, chuaigh an costas sin i laghad ionas gur 0,5 % de OTI a bhí ann in 2022, le hais 3 % in 2021.

(14) An 18 Meitheamh 2021, mhol an Chomhairle go n-úsáidfeadh an Bheilg[7] an tSaoráid in 2022 chun infheistíocht bhreise a mhaoiniú chun tacú leis an téarnamh agus beartas fioscach stuama á shaothrú aici an tráth céanna. Thairis sin, mhol an Chomhairle go ndéanfadh an Bheilg infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta a chaomhnú.

---

[7] Moladh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021 ina dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na Beilge 2021 (IO C 304, 29.7.2021, lch. 1).

(15) De réir na réamh-mheastachán ón gCoimisiún, bhí staid fhioscach[8] thacúil a bhí ann in 2022, ag -2 % de OTI. Mar a mhol an Chomhairle, lean an Bheilg de thacaíocht a thabhairt don téarnamh trí infheistíochtaí atá le maoiniú tríd an tSaoráid. 0,2 % de OTI a bhí ann in 2022 le caiteachas arna mhaoiniú ag deontais faoin tSaoráid agus ó chistí eile de chuid an Aontais (0,2 % de OTI a bhí ann in 2021). Chuir infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta rannchuidiú neodrach leis an staid fhioscach ar fáil[9]. Dá bhrí sin, chaomhnaigh an Bheilg infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta, mar a mhol an Chomhairle. An tráth céanna, sholáthair an fás ar chaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta nua ioncaim) rannchuidiú forleathnaitheach de 1,9 pointe céatadáin don staid fhioscach. Áirítear leis an rannchuidiú suntasach forleathnaitheach sin tionchar breise na mbeart beartais fhioscaigh a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú (glanchostas buiséadach breise 0,8 % de OTI i gcomparáid le 2021) chomh maith leis na costais a bhaineann le cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin (0,1 % de OTI). An tráth céanna, an méadú ar chaiteachas reatha, arna spreagadh go háirithe ag innéacsú uathoibríoch sochar sóisialta agus pá na hearnála poiblí agus caiteachas reatha eile atá ag méadú go struchtúrach, go háirithe caiteachas a léiríonn aosú déimeagrafach, chuir an méadú sin leis an bhfás ar ghlanchaiteachas reatha príomhúil freisin. Dá bhrí sin, ní raibh ach cuid de na bearta chun aghaidh a thabhairt ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh mar thoradh ar rannchuidiú suntasach forleathnaitheach an chaiteachais reatha arna mhaoiniú go náisiúnta, chomh maith leis na costais a bhaineann le cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin. Dá bhrí sin, níor chuir an Bheilg teorainn leordhóthanach leis an bhfás ar chaiteachas reatha arna mhaoiniú go náisiúnta.

---

8 Is é rud a bhíonn i gceist le tomhas na staide fioscaí an t-athrú ar chaiteachas príomha (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim), gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh, ach lena n-áirítear caiteachas a mhaoinítear trí thacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) ón tSaoráid agus ó chistí eile de chuid an Aontais, i gcoibhneas le hacmhainneacht fáis mheántéarmaigh. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach Bosca 1 sna Táblaí Staidrimh Fhioscaigh.

9 Rannchuidiú neodrach a bhí i gceist leis an gcaiteachas caipitil eile arna mhaoiniú go náisiúnta, dar luach 0 pointe céatadáin de OTI.

(16) An cás maicreacnamaíoch atá ina bhuntaca leis na réamh-mheastacháin bhuiséadacha i gClár Cobhsaíochta 2023, is cás é atá i gcomhréir le réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún le haghaidh 2023 agus ina dhiaidh sin. Tá sé tuartha ag an rialtas go dtiocfaidh méadú 1 % ar an bhfíor-OTI in 2023, agus go dtiocfaidh méadú 1,7 % air in 2024. I gcomparáid leis sin, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún go mbeidh fíorfhás de 1,2 % ar OTI ann in 2023 agus 1,4 % in 2024.

(17) Ina Clár Cobhsaíochta 2023, tá an rialtas ag súil go méadóidh an easnamh rialtais ghinearálta go 5,1 % de OTI in 2023. Léiríonn an méadú in 2023 den chuid is mó an méadú atá ag teacht ar an gcaiteachas reatha buan, go háirithe mar gheall ar innéacsú uathoibríoch sochar sóisialta agus pá na hearnála poiblí chomh maith le haosú déimeagrafach, an tionchar buiséadach atá ag laghdú sealadach ar ranníocaíochtaí sóisialta gnólachta sa chéad leath de 2023, agus athchóiriú méadaithe easnaimh ar chánachas ar tháirgí fuinnimh tí. De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go dtiocfaidh méadú ar chóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI ó 105,1 % ag deireadh 2022 go 106,7 % ag deireadh 2023. Tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún go mbeidh easnamh rialtais dar luach 5 % de OTI ann i dtaca le 2023. Tá sé sin ag teacht leis an easnamh a thuartar i gClár Cobhsaíochta 2023. I réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, tá sé tuartha go mbeidh an cóimheas ollfhiachais rialtais-OTI beagán níos ísle, 106 % ag deireadh 2023. Is é is cúis leis an difríocht sin OTI ainmniúil atá beagán níos airde in 2023 i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún.

(18) Na bearta fioscacha a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, meastar go leanfaidh siad de thionchar a imirt ar chomhardú ginearálta an rialtais in 2023. Is éard atá iontu bearta ar cuireadh síneadh leo ó 2022, go háirithe an laghdú ar dhleachtanna máil ar bhreosla peitril ar tháinig deireadh leis an 31 Márta 2023, laghduithe CBL ar chonarthaí leictreachais agus gáis tí, leathnú ar chumhdach na taraife sóisialta ar tháirgí fuinnimh, an pacáiste fuinnimh, aistrithe cnapshuime atá curtha ar leataobh (do na teaghlaigh sin a úsáideann foinsí eile téimh seachas gás agus leictreachas), agus tacaíocht dhíreach chun cabhrú le cuideachtaí a bhfuil costais fuinnimh ag dul i méid dóibh. Tá costas na mbeart sin fós á fhritháireamh go páirteach le cánacha ar bhrabúis amhantair na soláthraithe fuinnimh, mar atá, cánacha ar na hearnálacha leictreachais agus ola, atá i bhfeidhm ó 2022 i leith, agus le cáin in 2023 ar oibreoir líonra idirnáisiúnta gáis (Fluxys). Agus an t-ioncam sin á chur san áireamh, i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, tuartar gur 0,4 % de OTI a bheidh i gceist le glanchostas buiséadach na mbeart tacaíochta in 2023[10]. De réir dealraimh, ní ar theaghlaigh leochaileacha ná ar ghnólachtaí leochaileacha atá formhór na mbeart dírithe in 2023, cé go gcaomhnaíonn go leor acu an comhartha praghais chun an t-éileamh ar fhuinneamh a laghdú agus an éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú. Mar thoradh air sin, i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún meastar gurb é 0,1 % de OTI in 2023 méid na mbeart tacaíochta spriocdhírithe atá le cur san áireamh sa mheasúnú ar chomhlíonadh an mholta ón gComhairle an 12 Iúil 2022[11] (i gcomparáid le 0,2 % de OTI in 2022). Meastar go bhfanfaidh costas buiséadach na cosanta sealadaí ar dhaoine easáitithe ón Úcráin cobhsaí i gcomparáid le 2022. Ar deireadh, deireadh a bheith á chur de réir a chéile le bearta éigeandála sealadacha a bhain le géarchéim COVID-19, a measadh gurb ionann iad agus 0,5 % de OTI, meastar gur rud é sin a rachaidh chun sochair do chomhardú ginearálta an rialtais in 2023.

---

10 Is ionann an figiúr sin agus leibhéal chostas buiséadach bliantúil na mbeart sin, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas reatha chomh maith le, i gcás inarb ábhartha, bearta caiteachais chaipitil.

11 Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022 maidir le Clár Náisiúnta na Beilge um Athchóiriú 2022 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na Beilge 2022 (IO C 334, 1.9.2022, lch. 1).

(19) Sa Mholadh uaithi an 12 Iúil 2022, mhol an Chomhairle go ndéanfadh an Bheilg beartas fioscach stuama a áirithiú in 2023, go háirithe trí theorainn a chur leis an bhfás ar chaiteachas reatha príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta faoi bhun an fháis aschuir fhéideartha mheántéarmaigh[12], agus tacaíocht leanúnach shealadach spriocdhírithe do na teaghlaigh agus na gnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh agus do dhaoine atá ag teitheadh ón Úcráin á cur san áireamh. An tráth céanna, ba cheart don Bheilg a bheith ar tinneall chun an caiteachas reatha a chur in oiriúint don staid atá ag síorathrú. Moladh don Bheilg freisin cur le hinfheistíocht phoiblí le haghaidh na n-aistrithe glasa agus digiteacha, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, agus an tionscnamh REPowerEU á chur san áireamh, lena n-áirítear trí leas a bhaint as an tSaoráid agus as cistí eile de chuid an Aontais.

12 Ar bhonn réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, meastar go mbeidh fás aschuir ionchasach meántéarmach (meán 10 mbliana) na Beilge ag 5,4 % i dtéarmaí ainmniúla.

(20) In 2023, tá sé tuartha i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún go mbeidh an staid fhioscach fhorleathnaitheach (- 1,1 % de OTI) i gcomhthéacs ráta ard boilscithe. Tagann sé sin i ndiaidh staid fhioscach fhorleathnaitheach a bheith ann in 2022 (-2 % de OTI). An fás ar chaiteachas reatha príomha arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim) in 2023, táthar ag tuar go soláthróidh sé rannchuidiú forleathnaitheach dar luach 0,7 % de OTI leis an staid fhioscach. Áirítear leis sin costas na mbeart tacaíochta spriocdhírithe le haghaidh na dteaghlach is leochailí agus na ngnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh, costas ar ar tháinig méadú 0,1 % de OTI. Dá bhrí sin, ní hí an tacaíocht spriocdhírithe a thugtar do na teaghlaigh agus na gnólachtaí is leochailí i leith ardú praghsanna fuinnimh ná do dhaoine atá ar a dteitheadh ón Úcráin is cúis le fás an chaiteachais reatha phríomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta de bhreis ar an bhfás a d'fhéadfadh teacht ar aschur meántéarmach. Tá an fás forleathnaitheach ar chaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim) á spreagadh freisin trí mhéaduithe buana ar phá na hearnála poiblí agus ar shochair shóisialta (i ngeall ar innéacsú an phá agus na sochar sin), trí chaiteachas reatha atá ag dul i méid ó thaobh struchtúir de mar thoradh ar aosú déimeagrafach, trí athchóiriú ar chánachas ar chonarthaí fuinnimh tí, agus trí laghdú sealadach ar rannchuidithe sóisialta gnólachta sa chéad leath de 2023. Mar achoimre, an fás a thuartar a thiocfaidh ar chaiteachas reatha príomha arna mhaoiniú go náisiúnta, níl sé i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022. Meastar gur 0,3 % de OTI a bheidh i gceist leis an gcaiteachas a mhaoinítear le deontais faoin tSaoráid agus le cistí eile de chuid an Aontais in 2023, agus meastar go soláthróidh infheistíocht a mhaoinítear go náisiúnta rannchuidiú forleathnaitheach 0,1 pointe céatadáin leis an staid fhioscach[13]. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe ag an mBeilg infheistíocht bhreise a mhaoiniú tríd an tSaoráid agus trí chistí eile de chuid an Aontais, agus tá sé beartaithe aici freisin go ndéanfaidh sí infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta a chaomhnú. Tá sé beartaithe aici infheistíocht phoiblí a mhaoiniú le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, mar shampla tionscadail infheistíochta in athchóiriú foirgneamh, soghluaisteacht inbhuanaithe agus dícharbónú na hearnála fuinnimh, agus infheistíochtaí tábhachtacha chun dlús a chur leis an aistriú digiteach lena n-áirítear an riarachán poiblí a dhigitiú, cuimsiú digiteach a chur chun cinn agus cibearshlándáil a threisiú a mhaoinítear faoin tSaoráid agus le cistí eile de chuid an Aontais.

---

**13** Táthar ag tuar go soláthrófar rannchuidiú forleathnaitheach dar luach 0.1 pointe céatadáin de OTI leis an gcaiteachas caipitil eile a mhaoinítear go náisiúnta.

(21) De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go laghdófar an t-easnamh rialtais ghinearálta go 4,2 % de OTI in 2024. Léiríonn an laghdú in 2024 freisin aistarraingt na mbeart tacaíochta sealadacha a glacadh i gcomhthéacs praghsanna fuinnimh atá ag ardú. De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go dtiocfaidh méadú go 107,1 % ar chóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI ag deireadh 2024. Ar bhonn beart beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún easnamh rialtais 4,7 % de OTI in 2024. Tá sé sin níos airde ná an t-easnamh atá tuartha i gClár Cobhsaíochta 2023, go príomha mar gheall ar bhearta laghdaithe easnaimh nach bhfuil sonraithe go fóill i gClár Cobhsaíochta 2023 arb é 0,2 % de OTI atá i gceist leis sin (dá bhrí sin níor cuireadh san áireamh i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún) agus réamh-mheastachán ioncaim rialtais nach bhfuil chomh fabhrach sin, go háirithe maidir le cánacha corparáideacha. I réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, tuartar go mbeidh cóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI ar aon dul le 107,3 % ag deireadh 2024.

(22) Beartaítear le Clár Cobhsaíochta 2023 deireadh a chur de réir a chéile leis na bearta tacaíochta fuinnimh ar fad in 2024. Faoi láthair, glacann an Coimisiún leis freisin go ndéanfar bearta tacaíochta fuinnimh a chéimniú amach go hiomlán in 2024. Tá sé sin bunaithe ar an toimhde nach dtiocfaidh aon mhéaduithe an athuair ar phraghsanna fuinnimh.

(23) Le Rialachán (CE) Uimh. 1466/97, éilítear go ndéanfaí feabhas bliantúil ar chomhardú an bhuiséid struchtúraigh i dtreo an chuspóra bhuiséadaigh mheántéarmaigh, agus 0,5 % de OTI mar thagarmharc aige[14]. Agus aird á tabhairt ar bhreithnithe inbhuanaitheachta fioscaí agus ar an ngá atá leis an easnamh a laghdú faoi bhun luach tagartha an Chonartha de 3 % de OTI, bheadh sé iomchuí feabhas de 0,7 % de OTI ar a laghad a chur ar an gcomhardú struchtúrach do 2024 de réir an Choimisiúin. Chun an feabhas sin a áirithiú, agus i gcomhréir le modheolaíocht an Choimisiúin, níor cheart go rachadh an fás ar ghlanchaiteachas príomhúil[15] arna mhaoiniú go náisiúnta in 2024 thar 2 %, mar a léirítear sa Mholadh seo. An tráth céanna, ba cheart deireadh a chur de réir a chéile leis na bearta tacaíochta fuinnimh atá fágtha (a mheasann an Coimisiún faoi láthair ag 0,4 % de OTI in 2023 iad) má cheadaíonn forbairtí sa mhargadh fuinnimh é sin agus deireadh a chur ar dtús leis na beartais is lú a spriocdhíríodh, agus ba cheart an coigilteas gaolmhar a úsáid chun an t-easnamh rialtais a laghdú. Ina theannta sin, de réir réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, níl an fás ar ghlanchaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta in 2023 i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022. Má dheimhnítear sin, b'iomchuí fás níos ísle i nglanchaiteachas príomhúil in 2024.

(24) Má ghlactar leis nach bhfuil aon athrú ar bheartais, le réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún réamh-mheastar maidir leis an nglanchaiteachas príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta go dtiocfadh fás 2,7 % air in 2024, ráta atá os cionn an ráta fáis a mholtar.

---

14 Ceanglaítear freisin le hAirteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 coigeartú is mó ná 0,5 % de OTI a dhéanamh i gcás Ballstát a bhfuil fiachas rialtais acu ar mó é ná 60 % de OTI, nó a bhfuil rioscaí níos suntasaí acu maidir le hinbhuanaitheacht fiachais.

15 Sainmhínítear glanchaiteachas príomha mar chaiteachas a mhaoinítear go náisiúnta glan ó bhearta lánroghnacha ioncaim agus gan caiteachas úis agus caiteachas dífhostaíochta timthriallaí san áireamh.

(25) De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go méadóidh infheistíocht phoiblí ó 2,9 % de OTI in 2023 go 3,1 % de OTI in 2024. An infheistíocht níos airde, is léiriú í ar leibhéal níos airde infheistíochta a mhaoinítear go náisiúnta agus infheistíochta a mhaoiníonn an tAontas, eadhon tríd an tSaoráid. Tagraíonn Clár Cobhsaíochta 2023 d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí a mheastar a rannchuideoidh le hinbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí agus le fás inbhuanaithe agus cuimsitheach. Áirítear ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin tionscadal le haghaidh athchóiriú fioscach ar an gcóras cánach agus sochar arb é is aidhm dó borradh a chur faoin bhfostaíocht agus faoin ngníomhaíocht eacnamaíoch, agus ar an gcaoi sin inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí a chothú, sin agus athchóiriú pinsean (mar a fhoráiltear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta) chun inbhuanaitheacht airgeadais an chórais pinsean a fheabhsú. Ina theannta sin, tá sé beartaithe leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta dlús a chur leis na hiarrachtaí chun borradh a chur faoin infheistíocht phoiblí d'fhonn dlús a chur leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, lena n-áirítear tríd an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme.

(26) Leagtar amach i gClár Cobhsaíochta 2023 conair fhioscach mheántéarmach go dtí 2026. De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go laghdóidh an t-easnamh rialtais ghinearálta go 3,3 % de OTI in 2025 agus go 2,9 % faoi 2026. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe go rachaidh an t-easnamh rialtais ghinearálta faoi bhun 3 % de OTI in 2026. De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go dtiocfaidh méadú ar chóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI ó 107,1 % ag deireadh 2024 go 107,8 % faoi dheireadh 2026.

(27) Tá dúshláin shuntasacha maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach le sárú ag an mBeilg. Baineann na dúshláin sin leis an leibhéal ard fiachais rialtais agus leis an meath a bhfuil coinne leis ar thionchar an chaiteachais a bhaineann le haosú ar airgeadas poiblí i bhfianaise daonra atá ag dul in aois go tapa, meath a tharlóidh mura rud é go n-athrófar na beartais atá i bhfeidhm. I dTuarascáil 2021 ón gCoimisiún maidir le hAosú, tuartar méadú 3,6 pointe céatadáin de OTI faoi 2040 agus méadú 5,4 pointe céatadáin de OTI faoi 2070 sa chaiteachas a bhaineann le haosú, de bharr caiteachas ar phinsean agus ar chúram fadtéarmach den chuid is mó. Tuartar go dtiocfaidh méadú 3 phointe céatadáin de OTI ar an gcaiteachas pinsin thar 2019-2070, i gcomparáid le 0,1 pointe céatadáin OTI ar an meán sa limistéar euro. I gcás na Beilge, bheadh an chuid is mó den mhéadú réamh-mheasta ann cheana féin faoi 2040, nuair a thiocfadh méadú 2,7 pointe céatadáin de OTI ar chaiteachas pinsean, go 14,9 % de OTI. Áirítear i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Beilge athchóiriú pinsean arb é is aidhm dó aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin, mar aon le cuspóirí eile mar shampla inbhuanaitheacht shóisialta an chórais a fheabhsú, daoine a dhreasú chun bheith gníomhach i margadh an tsaothair tar éis dóibh coinníollacha luathscoir a chomhlíonadh agus cóineasú níos fearr a áirithiú idir córais pinsean agus laistigh díobh. Maidir le cúram fadtéarmach, is 2,2 % de OTI in 2019 a bhí i gceist le caiteachas poiblí (meán an Aontais: 1,7 %), rud a d'fhág go raibh an Bheilg ar cheann de na tíortha a raibh an caiteachas is airde ar chúram fadtéarmach aici san Aontas. Faoi 2070, tuartar go dtiocfaidh méadú breise ar chaiteachas cúraim fhadtéarmaigh go 4,3 % de OTI sa chás bunlíne. Mar sin féin, d'fhéadfadh na costais sin méadú go 6,0 % de OTI sna cásanna is diúltaí[16]. Tugann an fhianaise le fios go bhféadfaí ró-úsáid a bhaint as cúram cónaithe agus go bhféadfaí daoine scothaosta a institiúidiú gan gá a bheith leis nó roimh am. Tugann na sonraí atá ar fáil le fios go bhfuil líon na ndaoine scothaosta a chuirtear in ionad cónaithe gan ghá nó ró-luath fós ard, cé go bhfuil sé ag laghdú le blianta beaga anuas. Go háirithe, cuireadh in iúl sna sonraí go raibh sciar mór daoine aonair a raibh tionchar ag an tsaincheist seo orthu sa Bhruiséil agus sa Vallúin. Tá tús curtha ag na heintitis chónasctha le hathchóirithe chun feabhas a chur ar úsáid chostéifeachtúil na socruithe cúraim éagsúla, go háirithe chun institiúidiú neamhriachtanach nó róluath a sheachaint agus chun moill a chur orthu, agus tá freagracht as cúram fadtéarmach cineachta do na heintitis sin ó 2019 i leith. Mar sin féin, ní dhíríonn siad a dhóthain ar aghaidh a thabhairt ar dhúshlán na hinbhuanaitheachta fioscaí.

---

[16] An Coimisiún Eorpach 2021, Tuarascáil ar an Aosú. Tuartar go sroichfidh caiteachas fadtéarmach ar chúram na Beilge 6 % de OTI i gcás chóineasú na gcostas agus i gcás chóineasú an chostais agus an chumhdaigh.

(28) D'ainneoin na n-athchóirithe a rinneadh le déanaí, tá an ding chánach (ranníocaíochtaí slándála sóisialta agus cánachas ar ioncam saothair) sa Bheilg i bhfad os cionn mheán an Aontais ar gach leibhéal pá, ach amháin i gcás saothraithe pá an-íseal (50 % den mheán), rud a d'fhéadfadh dídhreasachtaí chun oibre a chruthú. Tugadh isteach roinnt beart chun glanioncam saothraithe ar phá íseal a mhéadú, mar shampla an bónas poist (i bhFlóndras) agus sochair laistigh den obair do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach nó don tsoghluaisteacht idir-réigiúnach (ar leibhéal feidearálach). Mar sin féin, leis na bearta sin, méadaítear an ráta cánach imeallach ard le haghaidh saothraithe meánioncaim níos ísle ('sáinn an phá ísil'), rud a d'fhéadfadh infheistíochtaí san fhoghlaim ar feadh an tsaoil a dhíspreagadh chomh maith le líon na n-uaireanta an chloig a oibrítear a mhéadú. Tá sochair dífhostaíochta neamhtheoranta ó thaobh ama de agus ní dhéantar tástáil acmhainne orthu i gcás daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach. Thairis sin, tá roinnt sochar sóisialta neamhairgid nasctha le stádas dífhostaíochta tairbhithe, rud a d'fhéadfadh cur leis an neamhghníomhaíocht atá ann cheana, leis an dífhostaíocht agus le sáinn an phá ísil. Dá ndéanfaí athbhreithniú leathan ar an gcóras sochar, chuirfí feabhas ar thrédhearcacht ó thaobh dreasachtaí oibre de agus d'fhéadfaí cur le héifeachtacht na mbeartas gníomhachtaithe.

(29) Leis an úsáid fhorleathan a bhaintear as caiteachas cánach, chun rátaí arda cánach a fhrithchothromú go páirteach, cruthaítear neamhéifeachtúlachtaí agus tugtar tús áite do chineálacha áirithe luacha saothair agus speansas. Eascraíonn saobhadh eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil as sin. Tá scéimeanna speisialta ar nós dearbháin bhéile, fóirdheontais chomaitéireachta nó díolúine ó cháin a choinneáil siar le haghaidh ragoibre, obair maidir le taighde agus forbairt agus obair oíche/sealobair costasach don bhuiséad agus fuarthas amach go gcruthaíonn siad neamhéifeachtúlachtaí. Baineann saothraithe ardioncaim tairbhe dhíréireach as roinnt asbhaintí cánach ioncaim phearsanta (e.g. asbhaint i leith dearbháin seirbhíse). Tá dreasachtaí cánach ann fós d’infheistíochtaí réadmaoine ar leibhéal feidearálach (luachanna acadúla a dhéanann meastachán ar ioncam cíosa iarbhír, in-asbhainteacht úis d’iasachtaí tithíochta tánaisteacha) agus ar an leibhéal réigiúnach (*chèque-habitat* sa Vallúin). Déanann na dreasachtaí cánach sin saobhadh ar leithdháileadh acmhainní agus d’fhéadfadh siad ró-infheistíocht cháin-spreagtha i gcineálacha áirithe sócmhainní a ghiniúint. Tá méadú tagtha ar fhóirdheontais atá díobhálach don chomhshaol a bhaineann le cáin. An laghdú ar an ráta CBL ar leictreachas agus ar ghás le haghaidh conarthaí tí, cé go gcuireann sé tacaíocht teaghlaigh ar fáil, tugann sé tús áite do bhreoslaí iontaise fós san fhadtéarma agus díspreagtar tuilleadh éagsúlaithe agus coigiltis fuinnimh. I bhfianaise an mhéadaithe atá ag teacht ar bhrú tráchta agus ar shaincheisteanna truaillithe aeir, is cosúil go bhfuil tearcúsáid á baint fós as cánacha iompair agus cánacha truaillithe. Táthar ag súil leis an athchóiriú cánach níos leithne, a bhfuil sé beartaithe ag an rialtas é a chéimniú isteach faoi 2024 – má ghlactar agus má chuirtear chun feidhme é – chun an t-ualach cánach ar shaothar a laghdú agus chun cuid den saobhadh a laghdú.

(30) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Tá cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Beilge faoi lán seoil, ach tá baol méadaitheach ann go mbeidh moilleanna ann. Níl iarratas ar íocaíocht curtha isteach ag an mBeilg go fóill. Beidh gá le rialachas éifeachtach chun go bhféadfar é a chur chun feidhme go mear agus go leanúnach. Meastar go ndéanfar athbhreithniú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta in 2023, chun caibidil REPowerEU a chur san áireamh, i measc rudaí eile, agus an t-athbhreithniú síos ar leithdháileadh deontais uasta na Saoráide ar an mBeilg á chur san áireamh. Trí chaibidil nua REPowerEU a thabhairt isteach go tapa sa phlean athléimneachta agus téarnaimh, féadfar athchóirithe agus infheistíochtaí breise a mhaoiniú chun tacú le cuspóirí straitéiseacha na Beilge i réimse an fhuinnimh agus an aistrithe ghlais. I gcomhréir le hAirteagal 14(6) de Rialachán (AE) 2021/241, an 31 Márta 2023, chuir an Bheilg in iúl go raibh rún aici EUR 1 024 900 000 de thacaíocht iasachta bhreise a iarraidh faoin tSaoráid. Ar mhaithe leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go rathúil, sin agus bearta eacnamaíocha agus fostaíochta eile taobh amuigh den phlean sin, tá sé tábhachtach i gcónaí údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta agus geallsealbhóirí ábhartha eile a bheith rannpháirteach ar bhonn córasach agus éifeachtach, chun a áirithiú go bhfuil freagracht i leith an chláir oibre beartais fhoriomláin roinnte go forleathan.

(31) D'fhormheas an Coimisiún doiciméid chlársceidealaithe uile na Beilge in 2022 maidir le beartas comhtháthaithe cé is moite de Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa do Réigiún Caipitil na Bruiséile, a glacadh in 2023. Tá sé ríthábhachtach go rachfar ar aghaidh le cláir an bheartais chomhtháthaithe a chur chun feidhme go tapa sa chaoi gur comhlánú a bheidh iontu ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus go mbeidh sineirge ann idir iad féin agus an plean sin, an chaibidil REPowerEU san áireamh, ionas go ndéanfar na haistrithe glasa agus digiteacha a chur i gcrích, go méadófar an athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta, agus go mbeidh forbairt chríochach chothrom ann freisin sa Bheilg.

(32) Chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta agus sna cláir beartais comhtháthaithe, tá roinnt dúshláin bhreise le sárú ag an mBeilg a bhaineann lena margadh saothair, lena córas oideachais, lena beartas fuinnimh agus leis an aistriú glas. Tá an ráta folúntas sa Bheilg ar cheann de na rátaí is airde san Aontas faoi láthair agus tá sé ag éirí níos deacra d'fhostóirí fostaithe a bhfuil na scileanna cearta acu a fhostú. Is suntasach iad na héagothromaíochtaí réigiúnacha i ndáil le rannpháirtíocht i margadh an tsaothair, áfach. Tá ganntanas lucht saothair mór ann i ngairmeacha ar bheagán oiliúna agus i ngairmeacha ardoilte araon ina bhfuil ganntanas i roinnt earnálacha, lena n-áirítear teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, poist ghairmiúla, theicniúla agus eolaíochta, fáilteachas agus cúram sláinte. Tá líon na gcéimithe, go háirithe mná, san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic (ETIM) fós íseal agus níl a sciar ag méadú go mall, in ainneoin pleananna gníomhaíochta tiomnaithe ETIM. Mínítear mí-oiriúint scileanna freisin mar gheall ar rannpháirtíocht íseal san fhoghlaim aosach. D'fhéadfadh sé nach mbeadh teacht ag daoine a bhfuil leibhéal íseal oideachais acu ar na dreasachtaí atá ann faoi láthair don fhoghlaim aosach agus d'fhéadfadh uas-sciliú deiseanna fostaíochta níos fearr a chur ar fáil dóibh. Chun go laghdófar na ganntanais scileanna agus chun go gcuirfear an cuimsiú sa lucht saothair agus athshannadh an lucht saothair chun cinn, tá sé ríthábhachtach córais oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a bheith ann a fhreagraíonn d'athruithe ar riachtanais an mhargaidh saothair, chomh maith le bearta spriocdhírithe maidir leis an uas-sciliú agus an t-athsciliú. Is príomhluamhán é aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair agus ar mhí-oiriúint scileanna chun dul i ngleic leis an gclaochlú digiteach agus chun an t-aistriú glas a chumasú, agus chun príomhspriocanna 2030 an Aontais maidir le fostaíocht agus scileanna a bhaint amach.

(33) Chomh maith le dídhreasachtaí oibre ón gcóras cánach agus sochar a laghdú, d'fhéadfadh bearta gníomhachtúcháin níos éifeachtaí agus níos spriocdhírithe cabhrú chun leas a bhaint as an acmhainneacht mhór lucht saothair nár baineadh leas aisti agus chun an easpa lucht saothair agus scileanna atá ag dul i méid a mhaolú. Níl grúpaí faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear daoine a bhfuil gnóthachtáil oideachais íseal acu, a mbaineann cúlra imirceach leo nó atá faoi mhíchumas, chomh comhtháite céanna i margadh an tsaothair. Tá ráta trasdula íseal ar an meán ó dhífhostaíocht nó neamhghníomhaíocht go fostaíocht. Tugann sé sin le fios go bhfuil deis ann fós éifeachtacht na mbeartas gníomhach maidir le margadh an tsaothair a neartú, go háirithe le meastóireachtaí níos córasaí agus bealaí comhtháite do chuardaitheoirí poist a bhfuil bacainní iomadúla rompu maidir le post a fháil. Beidh gá freisin le beartais a shaothrú chun borradh a chur faoi athimeascadh oibrithe ar shaoire bhreoiteachta fhadtéarmach, go háirithe mar gheall ar an dó amach agus an dúlagar (25 % de na cásanna), ar mó iad anois ná líon na ndaoine dífhostaithe, chun an ráta fostaíochta a mhéadú tuilleadh.

(34) Maidir le ganntanas lucht saothair agus mí-oiriúint scileanna, tá imní ann faoi fheidhmíocht, cuimsitheacht agus cothromas na gcóras oideachais, i bhfianaise an ardchaiteachais phoiblí ar an oideachas freisin. Tá dlúthnasc idir an bhearna sna torthaí oideachais agus cúlra socheacnamaíoch agus imirceach na mac léinn agus tá sí ar an gceann is mó san Aontas, rud a fhágann go bhfuil éagothroime san oideachas. Beidh sé ríthábhachtach ábharthacht an mhargaidh saothair agus tarraingteacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a mhéadú. Dá neartófaí gairm na múinteoireachta trí oiliúint níos fearr do mhúinteoirí agus forbairt ghairmiúil leanúnach a chur ar fáil, agus trí chonairí gairme níos solúbtha agus níos tarraingtí a fhorbairt, chuideofaí le ganntanas múinteoirí cáilithe atá ag dul i méid a laghdú, rud a d'fhéadfadh neamhionannais oideachais atá ann cheana a mhéadú tuilleadh. Tá roinnt céimeanna déanta le déanaí nó tá sé beartaithe iad a dhéanamh chun gairm na múinteoireachta a neartú. Beidh sé ríthábhachtach leanúint de chur chun feidhme na mbeart sin agus faireachán a dhéanamh orthu agus ar an tionchar atá acu.

(35) Clúdaítear thart ar 70 % d'olltomhaltas fuinnimh intíre na Beilge le hallmhairí breosla iontaise. In 2021, ola a bhí i gceist le 45 % de mheascán fuinnimh na Beilge agus gás nádúrtha a bhí i gceist le 23 % de. Tháinig laghdú 15 % ar thomhaltas gáis nádúrtha sa Bheilg sa tréimhse idir mí Lúnasa 2022 agus mí an Mhárta 2023, i gcomparáid leis an meántomhaltas gáis le linn na tréimhse céanna sna 5 bliana roimhe sin, i gcomhréir leis an sprioc laghdaithe 15 % a leagtar síos i Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle[17]. D'fhéadfadh an Bheilg leanúint d'iarrachtaí a dhéanamh an t-éileamh ar ghás a laghdú go sealadach go dtí an 31 Márta 2024 de bhun Rialachán (AE) 2023/706 ón gComhairle[18]. Níor bhain ach 13 % den tomhaltas fuinnimh deiridh in 2021 leis an bhfuinneamh in-athnuaite. Beidh ar an mBeilg a sprioc maidir le fuinneamh in-athnuaite a mhéadú go suntasach faoi 2030, sprioc atá ag 17,5 % faoi láthair agus a mheastar a bheith neamhuaillmhianach i measúnú 2020 an Choimisiúin, chun cuspóirí níos uaillmhianaí an Aontais a léiriú. Chun freastal ar an laghdú atá beartaithe ar an bhfuinneamh núicléach agus an méadú réamh-mheasta ar an éileamh ar leictreachas, beidh gá le méadú suntasach ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar sciar an leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite. Tá bac mór fós, áfach, ar fhorbairt tionscadal gaoithe ar tír agus ar an leathnú ar an eangach chumhachta a bhaineann leis an bhforbairt sin, toisc gur sciar bheag é den phobal a ghlacann leis agus mar gheall ar mhoilleanna fada i ndáil le nósanna imeachta ceadaithe, go háirithe mar gheall ar nósanna imeachta achomhairc atriallacha agus fada. Is féidir céimeanna breise a ghlacadh chun dlús a chur le húsáid na cumhachta gaoithe ar tír agus le treisiú na heangaí a bhaineann leis sin. D'fhéadfadh pleanáil spásúil agus athbhreithniú ar na rialacha maidir le fad íosta tuirbíní gaoithe ó aerfoirt, ó radair agus o chriosanna míleata níos mó spáis a chur ar fáil d'fhuinneamh gaoithe. Ina theannta sin, d'fhéadfaí an ceadú a dhéanamh níos éasca trí stádas leasa phoiblí sháraithigh a dheonú do thionscadail bhonneagair gaoithe agus eangaí agus trí achomhairc a phróiseáil níos tapúla. D'fhéadfadh rannpháirtíocht bardas agus saoránach i dtionscadail giniúna fuinnimh in-athnuaite cur le hinghlacthacht áitiúil.

[17] Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle an 5 Lúnasa 2022 maidir le bearta comhordaithe maidir le laghdú ar éileamh ar ghás (IO L 206, 8.8.2022, lch. 1).

[18] Rialachán (AE) 2023/706 ón gComhairle an 30 Márta 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/1369 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an tréimhse laghdaithe éilimh i gcás bearta laghdaithe éilimh le haghaidh gáis agus cur chun feidhme an tuairiscithe agus an fhaireacháin ar na bearta sin a threisiú (IO L 93, 31.3.2023, lch. 1).

D’fhéadfaí leathnú na cumhachta gréine dín (suiteálacha ar scála beag agus ar mhórscála araon) a spreagadh tuilleadh trí athchóirithe a ghlacadh lena bhforáiltear maidir le ceanglais cheangailteacha d’fhoirgnimh mhóra phoiblí agus thráchtála, dreasachtaí do thiarnaí talún, agus creataí dlíthiúla lena n-éascaítear comhroinnt fuinnimh. Ina theannta sin, d’fhéadfaí féintomhaltas agus solúbthacht ó thaobh an éilimh de a chur chun cinn. Dá ndéanfaí pleananna infheistíochta deich mbliana do ghréasáin leictreachais níos comhtháite agus níos comhsheasmhaí a fhorbairt go réamhghníomhach, d’fhéadfaí moilleanna a sheachaint maidir le tionscadail nua fuinnimh gaoithe (agus foinsí in-athnuaite eile) a nascadh chomh maith le húsáideoirí deiridh (teaschaidéil, pointí luchtaithe le haghaidh carranna leictreacha), agus ba cheart go mbeifí ag súil leis an mborradh a bhfuil coinne leis i dtomhaltas leictreachais tionsclaíoch.

(36) Chuideodh tuilleadh athchóirithe beartais agus infheistíochtaí breise chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú in earnálacha an fhuinnimh, na tionsclaíochta, na tógála agus an iompair chun spleáchas foriomlán ard na Beilge ar allmhairí breosla iontaise a laghdú. D'fhéadfaí gnóthachain éifeachtúlachta fuinnimh in earnáil na tionsclaíochta a dhreasú trí chomhaontuithe deonacha a fheabhsú, trí phleananna coigiltis fuinnimh agus dícharbónaithe a thabhairt isteach do na húsáideoirí breosla iontaise is mó, trí leictriú a spreagadh agus trí theaschaidéil thionsclaíocha a úsáid agus trí mhodhanna táirgthe ciorclacha a leabú tuilleadh. Tá an baol ann nach mbainfidh an Bheilg a spriocanna athchóirithe agus éifeachtúlachta fuinnimh amach do 2030. Tá an dúshlán a bhaineann le hídiú breosla iontaise i bhfoirgnimh a laghdú fós suntasach. Dá bhrí sin, ba cheart dlús a chur leis na hiarrachtaí infheistíochta atá á ndéanamh faoi láthair maidir le hathchóiriú fuinnimh agus ba cheart iad a chomhlánú le hathchóirithe beartais amhail toirmeasc ar bhreoslaí iontaise i bhfoirgnimh nua, athchóirithe éigeantacha atá tíosach ar fhuinneamh, deireadh a chur le téamh atá bunaithe ar bhreoslaí iontaise de réir a chéile agus dreasachtaí a aistriú i dtreo réitigh téimh ísealcharbóin amhail teaschaidéil agus gréasáin teasa a soláthraítear fuinneamh aisghafa agus inathnuaite dóibh. Ba cheart é sin a mheaitseáil trí oideachas agus oiliúint a chur in oiriúint do na scileanna teicniúla glasa ábhartha atá ag teacht chun cinn agus trí theicneoirí agus oibrithe tógála atá oilte go leordhóthanach agus a bhfuil na scileanna iomchuí acu a áirithiú. San iompar, is cuid mhór den tomhaltas ola sa Bheilg an sciar ard den úsáid a bhaintear as carranna príobháideacha. Dá gcuirfí chun cinn 'soghluaisteacht bhog' (mar shampla, rothaíocht agus soghluaisteacht chomhroinnte) agus úsáid iompair phoiblí, chabhrófaí le húsáid gluaisteán príobháideach a laghdú, mar aon leis na costais a bhaineann leis an mbrú tráchta ar bhóithre. In 2022, tháinig méadú ar an rothaíocht mar mhodh chun comaitéireacht a dhéanamh chun na hoibre, go háirithe i bhFlóndras agus sa Bhruiséil, a bhuí le hinfheistíochtaí leanúnacha i mbonneagar rothaíochta, i dtionscnaimh cur chun cinn agus i ndreasachtaí spriocdhírithe. Mar sin féin, tá deis ann fós an cineál seo soghluaisteachta boige a spreagadh tuilleadh trí infheistíochtaí i mbonneagar rothaíochta agus i sábháilteacht ar bhóithre do rothaithe. Níl úsáid an iompair phoiblí téarnaithe go hiomlán fós tar éis ghéarchéim COVID-19 agus d'fhéadfaí í a chur chun cinn tuilleadh trí fheabhas a chur ar sheirbhísí fo-uirbeacha agus idirchathrach, infheistíochtaí in athnuachan cabhlaigh agus minicíocht níos airde seirbhísí.

(37) Mar gheall ar ghanntanais oibrithe agus scileanna in earnálacha agus i ngairmeacha atá ríthábhachtach don aistriú glas, lena n-áirítear teicneolaíochtaí glan-nialasacha a mhonarú, a chur in úsáid agus a chothabháil, tá scrogaill á gcruthú san aistriú chuig geilleagar glan-nialasachta. Chun go laghdófar na ganntanais scileanna agus chun go gcuirfear an cuimsiú sa lucht saothair agus athshannadh an lucht saothair chun cinn, tá sé ríthábhachtach córais oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a bheith ann a fhreagraíonn d'athruithe ar riachtanais an mhargaidh saothair, chomh maith le bearta spriocdhírithe maidir leis an uas-sciliú agus an t-athsciliú. Chun leas a bhaint as soláthar saothair nach bhfuil leas á bhaint as go fóill, ní mór na bearta sin a bheith inrochtana, go háirithe le haghaidh daoine aonair agus sna hearnálacha agus sna réigiúin is mó a ndéanann an t-aistriú glas difear dóibh. In 2022, tuairiscíodh ganntanas lucht saothair le haghaidh roinnt gairmeacha a éilíonn scileanna sonracha nó eolas sonrach le haghaidh an aistrithe ghlais, lena n-áirítear feidhmeanna innealtóireachta sibhialta agus oibreoirí stáisiúin cumhachta.

(38) I bhfianaise mheasúnú an Choimisiúin, rinne an Chomhairle scrúdú ar an gClár Cobhsaíochta 2023 agus léirítear a tuairim[19] i moladh (1).

---

[19] Faoi Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97.

(39) I bhfianaise na n-idirnasc dlúth idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro agus a rannchuidiú comhchoiteann le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i measc rudaí eile, chun (i) inbhuanaitheacht fiachais a chaomhnú agus staonadh ó thacaíocht leathan a thabhairt don éileamh comhiomlán in 2023, spriocdhíriú níos fearr a dhéanamh maidir leis na bearta fioscacha arna nglacadh chun tionchar na bpraghsanna arda fuinnimh a mhaolú, agus machnamh a dhéanamh ar bhealaí iomchuí chun an tacaíocht a laghdú de réir mar a laghdaíonn an brú ó thaobh praghsanna fuinnimh de; (ii) leibhéal ard infheistíochta poiblí a choinneáil ar bun agus infheistíocht phríobháideach a chur chun cinn chun tacú leis na haistrithe glasa agus digiteacha; (iii) tacú le forbairtí pá a mhaolaíonn an caillteanas ó thaobh cumhacht ceannaigh de agus srian a chur ag an am céanna ar éifeachtaí indíreacha ar an mboilsciú, sin agus tuilleadh feabhais a chur ar bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair mar aon le dul i ngleic le ganntanais scileanna; (iv) feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó agus a áirithiú go bhfuil an tacaíocht fuinnimh a thugtar do chuideachtaí cost-éifeachtúil sealadach, agus spriocdhírithe ar ghnólachtaí inmharthana, agus go bhfuil dreasachtaí le haghaidh an aistrithe ghlais ag baint léi i gcónaí; agus (v) cobhsaíocht macrairgeadais a chaomhnú agus faireachán a dhéanamh ar rioscaí, agus leanúint ag an am céanna den obair chun an t-aontas baincéireachta a chur i gcrích. I gcás na Beilge, rannchuidíonn moltaí (1), (2), (3) agus (4) le cur chun feidhme an chéad, an dara agus an tríú moladh a leagtar amach i Moladh 2023 maidir leis an limistéar euro.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Bheilg in 2023 agus 2024 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Deireadh a chur leis na bearta tacaíochta éigeandála fuinnimh atá i bhfeidhm, agus úsáid a bhaint as na coigiltis ghaolmhara chun an t-easnamh rialtais a laghdú, a luaithe is féidir in 2023 agus 2024. Dá mbeadh gá le bearta tacaíochta nua nó leantacha chun dul i ngleic le méaduithe a thiocfadh an athuair ar phraghsanna fuinnimh, a áirithiú go ndírítear bearta tacaíochta den sórt sin ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha a chosaint, go mbeidís inacmhainne go fioscach, agus go gcaomhnófaí leo dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh.

   Beartas fioscach stuama a áirithiú, go háirithe trí theorainn nach mó ná 2 %[20] a chur leis an méadú ainmniúil ar ghlanchaiteachas príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta in 2024.

   Infheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta a chaomhnú agus a áirithiú go n-ionsúfar deontais faoin tSaoráid agus ó chistí eile de chuid an Aontais go héifeachtach, go háirithe chun na haistrithe glasa agus digiteacha a chothú.

   Don tréimhse tar éis 2024, go leanfar de straitéis fhioscach mheántéarmach a shaothrú maidir le comhdhlúthú inbhuanaithe de réir a chéile, mar aon le hinfheistíochtaí agus athchóirithe atá fabhrach d'fhás inbhuanaithe níos airde, chun staid fhioscach mheántéarmach stuama a bhaint amach.

   Iarrachtaí a neartú chun éifeachtúlacht an chúraim fhadtéarmaigh a fheabhsú. Athchóiriú ar na córais chánachais agus sochair a shaothrú ar mhaithe le dídhreasachtaí chun oibre a laghdú tríd an ualach cánach a aistriú ón saothar agus tríd an gcóras cánach agus sochar a shimpliú. Athbhreithniú a dhéanamh ar chaiteachas cánach chun a dtionchar díobhálach eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil a laghdú.

---

[20] A mheastar a chomhfhreagraíonn d'fheabhas bliantúil de 0,7 % de OTI ar a laghad ar chomhardú an bhuiséid struchtúraigh do 2024, mar a thuairiscítear in aithris 23.

2. Rialachas éifeachtach a áirithiú chun gur féidir a plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go mear agus go leanúnach. Bailchríoch a chur go pras ar chaibidil REPowerEU d'fhonn tús a chur go tapa lena cur chun feidhme. Leanúint ar aghaidh le cur chun feidhme tapa clár beartais comhtháthaithe, i ndlúthchomhlántacht agus i sineirgíocht leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta.

3. Aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair agus ar mhí-oiriúint scileanna, go háirithe trí bheartais ghníomhachtaithe (lena n-áirítear treoir) a neartú chun grúpaí faoi mhíbhuntáiste a chomhtháthú i margadh an tsaothair. Feabhas a chur ar fheidhmíocht agus ar chothromas na gcóras oideachais agus oiliúna agus leanúint le hathchóirithe chun gairm na múinteoireachta a neartú.

4. Spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí dhlús a chur le feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh agus úsáid breoslaí iontaise i bhfoirgnimh a laghdú, trí dhícharbónú na hearnála tionsclaíochta a spreagadh a thuilleadh agus trí úsáid agus soláthar iompair phoiblí agus soghluaisteachta boige a chur chun cinn. Dlús a chur le húsáid fuinnimh inathnuaite agus bonneagar eangaí a bhaineann leo trí na nósanna imeachta ceadaithe a chuíchóiriú a thuilleadh, lena n-áirítear trí fhad na nósanna imeachta achomhairc a laghdú, agus trí chreataí dlíthiúla a ghlacadh chun borradh breise a chur faoi infheistíochtaí i suiteálacha fuinnimh inathnuaite agus chun comhroinnt fuinnimh a éascú. Cur leis na hiarrachtaí beartais atá dírithe ar sholáthar agus ar shealbhú na scileanna agus n-inniúlachtaí atá ag teastáil le haghaidh an aistrithe ghlais.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*